Laghdaigh do riosca ailse!

Faigh vacsaín in aghaidh heipitíteas B agus HPV

Cuidíonn vacsaíniú in aghaidh heipitíteas B agus HPV (papalómaivíreas daonna) le cosaint in aghaidh ionfhabhtuithe a bhféadfadh ailse a bheith mar thoradh orthu.

Ar mhaith leat tuilleadh faisnéise a fháil?

Seo a leanas roinnt fíricí riachtanacha.

HEIPITÍTEAS B

Cén fáth a ndéantar vacsaíniú?

- D'fhéadfadh ailse ae a bheith mar thoradh ar ionfhabhtú heipitíteas B fadtréimhseach.
- Heipitíteas B is cúis le **1 bhás** as **9 mbás** mar gheall ar ailse ae san AE/LEE
- Tá thart ar **3.2 milliún** duine san AE/LEE ag maireachtáil le hionfhabhtú heipitíteas B fadtréimhseach agus tá siad i mbaol ailse ae

HPV

Cén fáth a ndéantar vacsaíniú?

- Bíonn HPV ina chúis le níos mó ná **33 000** cás nua ailse i measc fear agus ban gach bliain.
- Tá sí freagrach as formhór na n-ailsí ceirbheacs.
- D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le hailse scornaí agus le cineálacha eile ailse freisin.

D'fhéadfadh vacsaíniú forleathan **90 %** de na hailsí ceirbheacs a chosc.

Is féidir le vacsaíniú cosc a chur ar ionfhabhtú agus ar ailse de bharr heipitíteas B agus HPV.

Cé hiad na daoine ar cheart dóibh vacsaín a fháil?

HEIPITÍTEAS B

Tá an vacsaín heipitíteas B mar chuid de ghnáthchláir vacsaínithe leanaí. Moltar an vacsaín freisin do dhaoine fásta atá i mbaol níos airde ó ionfhabhtú heipitíteas B.



Cé hiad na daoine ar cheart dóibh vacsaín a fháil?

HPV

Go minic moltar vacsaíniú HPV do chailíní agus do bhuachaillí araon. Déantar gnáthvacsaíniú in aghaidh HPV nuair a bhíonn leanaí **idir 9 mbliana agus 14 bliana** d'aois de ghnáth.





Labhair le do sholáthraí cúraim sláinte faoin gcaoi ar féidir le vacsaíniú tú féin agus do theaghlach a chosaint.

TAIRSEACH FAISNÉISE EORPACH MAIDIR LE VACSAÍNIÚ
Tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh

Scan an cód QR chun tuilleadh eolais a fháil ar Thairseach Faisnéise an Aontais um Vacsaíniú

vaccination-info.europa.eu/en